Polaitíoċt

Is Miṫid Aiṫḃreiṫniú

Moḋ Toġacain Nua do Ḋáil agus Seanaid

Tá Oireaċtas iomlán againn arís taréis trí ṁí. Tá an tSeanad tófa agus ainmníṫe go h-iomlán agus tiocfaiḋ an Seanad nua le ċéile ar an Ċéadaoine seo ċugainn, agus tig leis an Dáil agus an Seanad socrú síos ċun gnó na tíre do stiúraḋ go ceann tréimse cúig bliana ar a ṁéid.

Tá gaċ cosúlaċt ann go mbeiḋ siad istiġ trí bliana ar a laġad, agus do réir gaċ cosúlaċta, ceiṫre bliana nó ós a ċionn.

Ḃíomar ag caint ċeana. gur dóiġe go mebiḋ aṫrú i móḋ toġċán Dáil Éireann roiṁ an ċéad toġċán eile agus gur dóiġ go bfeicfiḋ muid Dáilċeantar aon tsuíoċán i bfeiḋm, pé moḋ toġċáin a beiḋ ann. An mbeiḋ aṫrú ar móḋ toġċán na Seanaide ċoṁ maiṫ? Ceist an tábaċtaċ sin don tír seo.

San am ċéanna, fágfaiḋ muid siar go ceann tamaill eile é, go mbeiḋ na Seanadóirí nua socraiṫe síos ina gcuid suíoċán. Agus dála an scéil, an seanadóir boċt a ḃí ag dul suas do Ḋáil-ċeantar Iolscoil Náisiúnta na hÉireann, agus é mar cuspóir aige deireaḋ do ċur leis an tSeanad, dá ḃfaiġeaḋ sé isteaċ, níor éiriġ leis.

Is cinnte go raiḃ smaoineaṁ an ṁaiṫ taoḃ ṫiar de móḋ toġċán na Seanaide. Aċ, tá sé lán ċoṁ cinnte nár oibriġ an smaoineaṁ amaċ go maiṫ i gcúrsaí praicticiúla an toġċáin, agus go ḃfuil sé ag éirí níos measa ó ṫoġċán go toġċán, agus ní miste maċnaṁ a ḋéanaṁ faoi amaċ anseo.

Tá laige, agus laige an ṁór ar an tSeanad, ó ṫaoḃ na Gaeilge de. Nuair a poilsíoḋ ċeana, in áit eile sa páipéar seo, ní raiḃ aċ ionadaí aṁáin, as 101 iarratóir a ċuir síos, agus ar ġlac an Ceann Coṁriṁ leis go raiḃ eolas agus taiṫí praicticiúil aige ar an dTeanga agus Saíoċt Náisiúnta. Níor éiriġ leis an iarratóir sin: iarratóir Ṁuintir na Gaeltaċta.

Ḃí beirt sár-Ġaeilgeoirí insan iar-Seanad, an t-Ollaṁ Ó hAoḋa, agus Éamonn Ó Ciosáin. Ní ḃeaċa ceaċtar den ḃeirt acu ar aġaiḋ don tSeanad an t-am seo. Níor ainmniġ ceaċtar den dá ṗáirtí éinne ina h-ionad, go raiḃ clú mór orṫa i gcúrsaí Gaelaċais nó fiú aṁáin go raiḃ a n-ainm in áirde ċor ar biṫ de ċairde Gaeilge de.

Cé go ḃfuil daoine sa tSeanad atá inann Gaeilge a laḃairt, agus b'féidir plé a ḋéanaṁ i nGaeilge, níl duine ar biṫ ann go ḃfuil a ainm in áirde ó ṫaoḃ na Gaeilge de.

Agus in ainmniúċáin na Seanaide ón Taoiseaċ, ní raiḃ duine ar biṫ go raiḃ clú na Gaeilge go láidir orṫa. mar a ḃí mar ṡompla, ar An Seaḃac, a ḃí mar ionadaí don Ġaeltaċt ar fea na mblianta, nó "Cú Ulaḋ" nó Pádraic Ó Máille. Is cosúil naċ de taisme a ṫárla, aċ go ḃfuil sé mar polasaí poiblí gan ligint do ġuṫ na Gaeltaċta a ḃeiṫ le clos.

An ḃfuil polasaí dá ċeapaḋ nó dá ḃreiṫniú, nó dá leaṫnú, ar cosc a ċur ar ġuṫ na Gaeltaċta agus a ċur in iúl do pobal an Ḃéarla agus do pobal na tíre go ḃfuil ċuile rud i gceart sa Ġaeltaċt?

Más ea. ní miste do pobal na Gaeltaċta, agus do eagras Ṁuintir na Gaeltaċta má tá an teagras beo, féaċaint ċuige leis an fírinne ceart a ċur ós coṁair pobal na tíre, faoi stáid na Gaeltaċta.

Ḃíonn clú ar na Meiriceánaí go ndéanann siad tráċtaisí agus taiġde faoi na rudaí is aít ar biṫ. Tá caint faoi ḟear aṁáin a fuair céim Ph.D. as tráċtas ar golf. Is trua naċ ndéanfaḋ duine de na Meiriceánaí seo nó céimí iolscoile i mbun taiġde iar-céime staidéar cruinn ar na ráiteasaí a ċuir iarratóirí na Seanaide amaċ, agus na móḋanna can canḃásála a ḃí acu. Is cinnte go mbeaḋ sé tar a ḃeiṫ suimiúil. Is eol dúinn roinnt Coṁairleoirí a ċoiméad an litríoċt go léir a fuair siad agus na cóipeanna, go minic dá nó trí cóip den ċeann ċéanna, agus gan aṁras ar biṫ. ba ábar suime ar leiṫ do ḋaoine na cailíoċtaí a ċuir iarratóirí ós coṁair na ḃótóirí.

B'féidir, amaċ anseo go mbeaḋ dréaċt ag Fearfeasa faoi sin, agus faoi an saġas litríoċta gur éiriġ leis, agus an saġas litríoċta nár éiriġ.

Ḃfuil aon smaċt ar Ceard-Ċumannaċais sa tír seo?

Ḃfuil smaċt ag na Ceard-Ċumainn féin air? Sin ceisteanna a gcaiṫfear maċnaṁ a ḋéanaṁ orṫa agus aire a ṫabairt díoba na laeṫa seo, agus caiṫfiḋ an Dáil áird a ṫabairt ar an scéal ċoṁ maiṫ. Má tig le eagras pléascṫa a briseann ar siúl ó gnáċ eagras oibriṫe aṁain N.D.U. tús a ċur le stailc oibriṫe eile a ṫarraingṫ isteaċ ann, cá ḃfuil daonlaṫas imeasc oibriṫe ar ċor ar biṫ.

Má ṡocraíonn trí Ceard-Ċumann go ḃfuil tromlaċ mór oibriṫe bus iontu, gan dul ar stailc. agus má ṡocraíonn eagras beag aṁáin, naċ ḃfuil aċ codán an beag de na h-oibriṫe ann ar ḋul ar stailc, agus más rud é naċ ḃfuil na hoibriṫe eile sásta dul ag obair, agus iadsan ar stailc, naċ ionann é agus an ruball a ḃeiṫ ag craiṫeaḋ an ṁadra, agus naċ miṫid, agus naċ lán ṁiṫid aire a ṫabairt dó mar scéal. Agus is measa de an scéal. más rud é naċ ḃfuil an Ceard-Ċumann seo coṁċeangailte fiú aṁáin le Coṁḋáil na gCeard-Ċumann Éireannaċ, nó aiṫeanta ag Coras Iompar Éireann, nó fostóir iar biṫ.

Is gnó seo go gcaiṫfear aire cúramaċ a ṫabairt dó, agus aire práinneaċ, mar fágann sé bealaċ an éasca fá ċoinne luċt millte agus scriosta a roġa rud a ċur ar siúl imeasc Céard-Ċumanaí na hÉireann, agus is beag an tairḃe a ḃeiḋ i ndéanaṁ socraiṫe náisiúnta fá paí agus tuarastal más rud é naċ ḃfuil smaċt ag na Ceard-Ċumainn ar a gcuid ball féin.

Cibé ar biṫ, léiríonn sé rud aṁáin. go ḃfuil an iomad Ceard-Ċumainn againn insan tír seo, ⁊ cibé mar is maiṫ linn é, go gcaiṫfear a ḃeiṫ ag claonaḋ ċun an stáid gnó ina mbeiḋ Ceard-Ċumann aṁáin ag freastal arna h-oibriṫe go léir i dTionscail aṁáin. Tá an saol ag éirí nó cúng agus clósáilte le go mbeaḋ na mion-eagrais ann, agus cuid acu ag teaċt treasna ar a ċéile.

Anois go ḃfuil cúrsaí toġċán Dáil Éireann agus Seanad Éireann ṫart, agus gan cúrsaí toġċáin na gCoṁairlí Condae ag teaċt go dtí an ḃliain seo ċugainn, is féidir socrú síos ċun gnáċ cúrsaí na tíre. Ḃeiḋ rud éigin le rá againn faoi obair Ḋáil Éireann agus faoi gnóṫaí Freasúra, an tseaċtain seo ċugainn.

Tá ceaċt le foġlaim ag cuid mór Teaċtaí Dála de ċuid Fianna Fáil ón Uasal Máirtín Ó Corraiġ. Síleann Ó Corraiġ a ṁór lena dóiġ féin. agus b'féidir go síleann daoine eile a ṁór de fosta. Ḃí sé ráite gur tugaḋ cogar dó go raiḃ sé in am aige seasaṁ ar gcúl san toġċán deireanaċ agus seans a ṫabairt do ḋaoine eile, agus gurb é an freagra a ṫug sé ar sin, ná mara dtéaḋ sé suas bealaċ aṁáin, go raċfaiḋ sé suas bealaċ eile agus gur sin a raiḃ de sin.

Nuair a ṫáiniġ an Bille faoi leaṫnú crioċa ċaṫair Ċorcaí, cé gur Aire de ċuid Rialtas Ḟianna Fáil a ṫug isteaċ é, ní raiḃ Máirtín i ḃfal ag cur an iúl go raiḃ a ṫarúil féin aige-san dó. agus go raiḃ sé ċun ḃótáil de réir an barúla sin. Rud a rinne sé fé dó, agus fé trí, agus ċuir sé síos cúpla leasú ar an ḃille, ⁊ ḃótáil sé i gcoinniḃ an Rialtais fúṫa. An ḃfuil beag ṁeas air dá ḃárr imeasc luċt stiúrṫa Fianna Fáil? Ní dóiġe go ḃfuil, aċ breis measa. Is cuiṁin linn gur léiríoḋ é seo ċeana nuair a ḃí ceist faoi cúrsaí iascaireaċta agus go ḃfuarṫas sé ṁí le seans a ṫabairt do iascairí an Deiscirt úsáid a ḃaint as na h-eangaċa bradáin a ḃí ceannaiṫe acu, agus nár tugaḋ an seans sin do iascairí Ḋún na nGall agus an ṫuaisceart ċor ar biṫ. agus ba é an freagra a ṫug Caṫal Mac Eoċaiḋ ar sin ná, "Níl Máirtín Ó Corraiġ ar biṫ agaiḃ ṫuas ansin."

Ḃ'féidir nár ṁiste do roinnt Teaċtaí ón Iarṫar agus an Tuaisceart an lideaḋ a ġlacaḋ, ⁊ a ṫuiscint go soiléir de réir na troda a níos siad is mó an meas a ḃéas orṫa, agus a ḃeiḋ súil a gcuid toġṫóirí orṫa feasta féaċaint an nglacaḋ siad an leideaḋ sin.

FEARFEASA

Aifrinn Béarla

Páirc Lean na Sceiċe, 10,
Dún Laoire.
Bealtaine 11, 1965.

An tEagartóir, Amárac.

A ċara — Ṡíleas go mbeaḋ Aifreann Gaeilge roṁam i mBiorra Dé Doṁnaiġ seo caite nuair a ḃí Fleaḋ Ceoil Ċúige Laiġean ar an mbaile. Is dual do Ġaeilgeoirí tacaíoċt láidir a ṫabairt na na fleanna. Faraoir, ní raiḃ aon Aifreann Gaeilge i ndan dúinn. Ós sárú coinsiasa dom freastal ar Aifreann Ḃéarla ċailleas Aifreann den ċéad uair im ṡaol. Os coṁair an tséipéil dúirt fear liom naċ mbíonn Aifreann Gaeilge acu aċ uair sa ṁí "do na páistí."

Doṁnaċ Cincíse, le cúnaṁ Dé, i nDúrlas Éile, beiḋ dream mór de Ġaeilgeoirí bailiṫe ċun freastal ar Ḟleaḋ Ċeoil na hÉireann. Tá súil agam go mbeiḋ mé ina measc. Tá súil le Dia agam go mbeiḋ Aifreann Gaeilge le fáil dom agus do mo leiṫéid.

Mise agat,

Deasún Breatnaċ.

An Spidéal

Cúis bróin, bás Seosaṁ T. Ó Liaṫáin, Teaċ an Ċnoic, An Spidéal, le déanaí. Ḃí sé ag obair ag an ionad traenála agus aṫṡocrú Tóċar Mór, le roinnt blianta, agus ḃí árd ṁeas air i dTuaim agus san ċeantar. Tugaḋ an corp go dtí Séipéal an Ċnoic, Indreaḃán, agus ċuaiġ an soċraid an ṁór leis ón Séipéal go dtí reilig na h-áite.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Coṁġáirdeas le Treasa Ní Ḃaoláin, 'níon de Sairsint na nGárdaí i gCarraig Airt. í ina Baitsiléir Tráċtála agus i ndiaiḋ cúpla bliain cleaċtaiḋ beiṫ curṫa isteaċ aici in óstáin an 'Hiberman' agus an 'Gresham" i mBaile Áṫa Cliaṫ . . . tá post luaċṁar faiġṫe aici mar bainisteoir fáiltiṫe insan óstán ċiliúil sin, an 'Grand Hotel' ar an Trá Ṁór.

Fáilte ċun an ḃaile roiṁ Ṗóilín, Bean Ḃriain Ṁic an Ultaiġ, M.Sc., a ḃfuil post mór aige i Nua Searsaí, i Meiriceá, mar ċeannuraí i roinn taiġde den Rialtas ann. Tá Póilín í féin ina Baitsiléir Ealaíne agus Tráċtála (Gaillim) agus beiḋ sí féin agus a gceaṫrar clainne sa baile go ceann ráiṫe — ní ḃeiḋ a fear-céile saor le teaċt go lár na Lúnasa.

Tá Tomás Ṁac Fionġaile. Árd Teastas Oideaċais agus iar-ṗríoṁoide ar scoil Gort na Bráḋ —tá sé féin agus a bean-ċéile, Léna, sa baile arís i ndiaiḋ naoi mí de ṡaoire a ċaiteaṁ le n-a n-aonṁaċ, Deasún, i Los Angeles i gCalifórnia, an áit a ḃfuil mórṡiopa grianġrafadóireaċta aige agus é, posta. ina ḟo-eagarṫóir ar an "Los Angeles Times" ins an ċaṫair sin.

I gceann de nuaċtáin Béarla na contae seo, ar an tseaċtain seo ċuaiġ ṫart, tugaḋ árdṁolaḋ as cuimse do na Dúine agus don ratúnas atá i réim ann i láṫair na huaire. Ní ṫaitníonn na 'siabóga gan suim' seo le fear a ċaiṫ a ṡaol idir ċuraíoċt agus iascaireaċt, mar atá: Micí Simí Mac Giolla Ḃríde, as na Rosapenna Cottages. Is cuiṁneaċ leis an t-am, ṫart fá leaṫċéad bliain ó ṡin, nuair a ḃí ratúnas dairíre fá na cóstaí seo: 1, Timpeall ar 24 báid-iascaireaċt (scadán agus bradán, de réir an tséasúir) agus foireann de 6 nó 8 fear i ngaċ ceann acu. Anois níl fágṫa aċ 3 cinn! 2, Ḃí idir 8 agus 10 fear faoi pá insan ċeárta ċúipéara. Níl aon duine anois ann! 3, Insan am sin, ċoinnící 12 nó níba mó ag obair insan ḃánċeárṫain ag Log na hUillinne. Níl ann anois aċ 2 ḟear! 4, Ba ġnáṫ le corraḋ agus 20 curaċ beiṫ le feiceáil ṫart fá na cladaiġ seo. Níl fágṫa insan lá atá inniu ann aċ 2 ċeann! 5, Ḃí idir 70 agus 80 daoine ag tógáil airgid fónta ag an 'ġutáil (ag glanaḋ an éisc) i riṫ na dtrí séasúr iascaireaċta: saṁraḋ, fóṁair agus geiṁreaḋ. Níl a leiṫéid le fáil anois! 6, Os cionn 10 fear faoi pá maiṫ ag cóiriú eangaċ do Ḃord na gCeantar Cúng ó ceann ceann na bliana. Níl a leiṫéid ann faoi láṫair! 7, Ḃí timpeall ar 12 de leasaiṫeoirí éisc faoi iomlán oibre anseo i riṫ na bliana ar fad. Níl obair mar seo ag gabáil araġaiḋ le blianta. 8, Ba minic a d'feicí idir 40 soiṫeaċ ⁊ 60 ceann de 'ḋriftéara' mór na hAlbain ar ancoire ó ḃárr na cé go cladaċ Ṁuisleaċ. Deireaḋ le sin, fosta! 9, An dá taoiḃ an ḃealaiġ-ṁóir ón Duṁaí go Méal Mór, agus ó sin ċun na nDúine níl a ḋaṫ le feiceáil aċ feaga ins na cuiḃrinn ar ġnáṫ le bárna maiṫe beiṫ iontu. 10, Ḃí tinte agus teaġlaiġ ṫart fá gaċ teallaċ i Ros Goill le linn an Ċéad Ċogaiḋ Ṁóir. Anois, faraor, tá darna 'aċ aon teaċ cónaiṫe druite (a) ar an Duṁaí: 2 teaċ-cónaiṫe druite! (b) ar an Árd Ḃán: 5 teaċ-cónaiṫe druite! (c) i nDoire Ċasáin Mór agus Baile Úr: 12 teaċ-cónaiṫe druite! (d) ar an Ṁaċaire Ḃeag —7 teaċ-cónaiṫe druite! (e) i nGort na Luċog agus ar an Ṁéal Ṁór: 8 dteaċ-cónaiṫe druite! Slán agus beannaċt go deo na ndeor le sean-Ġaeltaċt ċlúiteaċ Ros Goill, ar an droċuair do ṫír na hÉireann é.

Tá a lán daoine fá Ċarraig Airt iontaċ sásta gur ċeannaiġ Diarmuid Breatnaċ, eisean ar leis an Carrigart Hotel, gur ċeannaiġ sé 'gus gur leag sé go talaṁ an seanteaċ ar ṫaoiḃ eile na sráide . . . go dtí go ḃfuil radarc álainn le feiceáil ag an tsaol ṁór anois ṫar sruṫ na Maoile Rua treasna go Cnoc Ġania agus Fánaid ṫall uainn.

Deir Séamas De Bacise, Umlaċ, go ḃfuil sé ag braṫ na préataí úra a ḃeiṫ bainte aige fá Ḟéile Eoin (fíor-lár an tsaṁraiḋ) — b'féidir an ċéad fear insan taoḃtíre seo a ḃfuil siad aibí aige. Ċuir Séamas na "Cerr's Pincs" seo ar an 5ú lá de na Faoillí agus ṫug aire maiṫ dóiḃ ó ṡin á gcosaint ar anró an tsiocáin.

Tá Aoḋ Mac Colla, as an Ċarraig, ar an fear is cliste insan ċeantar seo ag pioċaḋ amaċ na gcapall-rása is fearr i ngaċ coiṁlint dá leiṫéid le linn an tséasúir. Is cinnte go raiḃ áḋ an airgid air le cúpla seaċtain agus gur iontaċ ag tuata é eolas ċoṁ ċruinn sin a ḃeiṫ ar 'form' nó stair reaṫa na mbeiṫíoċ fealltaċ seo.

Ḃíotas an-sásta fá seo le tírġrá na fógarṫa a ṫug cailín as na Dúine, Feilimin Ní Ċeallaiġ, uaiṫe, in agallaṁ a ḃí aici le ionadaí-nuaċtóireaċta de páipéar-Doṁnaiġ de ċuid na Sasana ar na mallaiḃ. Níl Feilimin aċ ina déagóirí go fóill, í ina fo-ċéimí i gColáiste na hOllscoile —aċ níorḃ ḟada uaiṫe freagra na ceiste: "Ar ċeart do Ḃainríon na Sasana cuairt ċúirtéise a ṫabairt ar Éirinn?" "Ṁeasfainn féin." arsa an ainnir as Ros Goill, "naċ ndéan dunaḋ na hÉireann dearmad in aicearraċt den ġéarleanúint a d'fulaing a muintir ó scuaine d'allúraiġ le seaċt gcéad bliain anuas." Iontaċ dea-ráite ag déagóir a raiḃ sinsear dá cuid, Aoḋ Ó Ceallaiġ, ina Árd Rí ar Éirinn timpeall 1,500 bliain ó ṡin — agus fear eile den ċine ċéanna, Seán T. Ó Ceallaiġ, ina ṡeanṡaiġdiúr den Éirí-Amaċ, i 1916 agus, níbe moille ná sin, gurḃ é an ċéad Uaċtarán Caitliceaċ ar Poblaċt na hÉireann.

Tátar á rá ar na mallaiḃ go ḃféadfaḋ go dtiocfaḋ an lá (nó an oíċe) a gcaiṫfeaḋ buaċaillí óga na dúiċe seo, agus na contae uile, clogaid-cosanta a ċaiteaṁ ag damsaí. Ba é an rud a ṫóg an scéal gur ṫárla eaċtra a ḃí as cuimse éagsúil nuair a ḃain bean-pósta dí a bróg clé gur ṫoisiġ a ṫiomáint na sála stiletto isteaċ i gcloigeann an buaċalla a ḃí in iomarḃá le n-a fear-céile. An ceart 'ċoiċe: ní de ṫógáil na contae an té a rinne an gníoṁ banġaiscíoċ seo!

Ní fada, faraor, go dtig an lá leánṁar naċ mbíonn cead ag an Ġael coiscéim a ṡiúl ar ċiuṁnais na Trá Ṁóire anois — cúig míle de ċósta álainn Ċuan na Long. Tugaḋ £16,000 do Seoirse Speer ar míle de, ansin £23,000 do Éamonn Ó Caḃla ar ċúpla míle eile . . . agus anois tá £25,000 á ṫairiscint ar an ċuid is ársa agus is áille den cósta ċéanna — ag Gleann na Rí (áit a raiḃ cónaiṫe ann 4,000 bliain ó ṡin).

Acaill

Cáineaḋ Seán Ó Ceallaiġ, Gob a' Ċoire, £1 ag Cúirt Dúiċe, Tuama, as nár scrios sé sean ṗáipéar cánaċ ar a ġluaisteán.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.